**RÚN (AE) 2022/1741 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA**

**an 4 Bealtaine 2022**

**ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) do bhliain airgeadais 2020**

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint d'Athbhreithniú Uimh. 01/2021 ón gCúirt Iniúchóirí maidir le "The EU's initial contribution to the public health response to COVID-19" [Rannchuidiú tosaigh an Aontais leis an bhfreagairt sláinte poiblí do COVID-19],

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta a ghabhann leo,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0099/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais ([1]),gur EUR 62 490 000 a bhí i mbuiséad críochnaitheach na an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú ("an Lárionad") don bhliain airgeadais 2020, rud a léiríonn méadú de 5,55 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur 0,7 % a bhí sa ráta boilscithe san Aontas in 2020; de bhrí go n-eascraíonn thart ar 97,62 % de bhuiséad an Lárionaid ó bhuiséad an Aontais;

B. de bhrí go ndeir an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt") ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla an Lárionaid do bhliain airgeadais 2020 (an "tuarascáil ón gCúirt") gur soláthraíodh dearbhuithe réasúnacha di go bhfuil cuntais an Lárionaid beacht agus gur idirbhearta dlíthiúla agus rialta is bun leo;

**Buiséad agus bainistiú airgeadais**

1. ag tabhairt dá haire gur thug na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith bhliain airgeadais 2020 ráta cur chun feidhme buiséadach de 96,77 %, a léiríonn laghdú de 2,46 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire gur ráta forghníomhaithe 75,26 % a bhí ann maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn laghdú freisin de 6,15 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe;

**Feidhmíocht**

2. á chur in iúl gur geal léi gur íoc an Lárionad 96 % de shonraisc laistigh de na srianta ama atá i rialachán airgeadais an Lárionaid;

3. á thabhairt faoi deara gurb é misean an Lárionaid bagairtí atá ann faoi láthair agus bagairtí atá ag teacht chun cinn ar shláinte an duine ó ghalair theagmhálacha a shainaithint, a mheasúnú agus a chur in iúl; á chur i bhfáth gurb iad ráig COVID-19 in 2020 agus an phaindéim a lean í an teagmhas sláinte poiblí is tromchúisí a raibh ar an Lárionad freagairt dó ó tháinig sé i bhfeidhm in 2005; á thabhairt dá haire gur tháinig tacaíocht a thabhairt d'fhreagairt an Aontais ar COVID-19 le bheith ar phríomhghníomhaíocht an Lárionaid; á aithint gur ghníomhachtaigh an Lárionad a phlean oibríochtaí um theagmhais sláinte poiblí an 9 Eanáir 2020 agus, go sonrach, gur rannchuidigh na foirne a bhí ag obair ar éigeandálaí sláinte poiblí go dearfach le creataí an Aontais agus le creataí rialachais náisiúnta i leith phaindéim COVID-19; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur thosaigh an Lárionad ag oibriú ar leibhéal 2, céim ghéar, de Theagmhais Sláinte Poiblí (PHE), an 31 Eanáir 2020 agus gur lean sé leis ag oibriú ag an gcéim sin an chuid eile den bhliain;

4. ag tabhairt dá haire, de réir na tuarascála ón gCúirt, mar fhreagairt ar an ráig COVID-19, gur ghníomhachtaigh an Lárionad a phlean oibríochtaí maidir leis an éigeandáil sláinte poiblí ar an 9 Eanáir 2020, arbh é an plean é lenar treoraíodh an eagraíocht tríd an staid éigeandála, agus a chuir ar a cumas na hacmhainní riachtanacha a atreorú chun dul i ngleic leis an bpaindéim; á thabhairt dá haire gur foirne laistigh den Lárionad a raibh freagracht éigeandálacha sláinte poiblí orthu a thairg na príomhaschuir maidir le COVID-19, amhail, inter alia, uasdátuithe ar shonraí agus faireachas, lena n-áirítear measúnuithe gasta riosca, treoir eolaíoch chun tacaíocht a thabhairt don chinnteoireacht i réimse na sláinte poiblí, faisnéis maidir le galair agus bearta freagartha le haghaidh cleachtóirí cúraim sláinte agus an phobail i gcoitinne, agus gur sholáthair siad freagairtí ar iarrataí ad hoc ó institiúidí agus gníomhaireachtaí Aontais;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 39.

5. á thabhairt dá haire gur thug an Lárionad cúnamh do na Ballstáit agus don Choimisiún le tacaíocht a bhaineann le saotharlanna agus le tástáil leathnaithe, ag neartú ullmhacht na mBallstát trí tháscairí oibríochtúla a bhunú agus trí thacaíocht a chur ar fáil sa mheasúnú ar acmhainneacht borrtha seirbhísí sláinte;

6. ag cur sonrú sna 24 mheasúnú riosca a bhaineann le COVID-19 a rinne an Lárionad, na 159 n-iarraidh fhoirmiúla eolaíochta COVID-19 ón gCoimisiún agus ó na Feisirí, agus breis agus 100 iarraidh foirmiúil eolaíochta ó na Ballstáit; á thabhairt dá haire, thairis sin, gur tháinig méadú 1 086 % ar líon na n-íoslódálacha de mheasúnuithe riosca meara i gcomparáid le figiúirí 2019;

7. á chur in iúl go gcreideann sí go bhfuil freagairt mhear, éifeachtach, eolasach agus chomhordaithe ar fud na mBallstát bunriachtanach, le déileáil leis an staid reatha agus chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí sláinte a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo araon;

8. á chur in iúl go bhfuil sí deimhin de go bhfuil obair an Lárionaid i dtaca le faisnéis thráthúil, chruinn agus eolaíochtbhunaithe a chur ar fáil do reachtóirí, do ghairmithe sláinte agus don phobal i gcoitinne bunriachtanach chun déileáil le paindéim COVID-19 atá fós ar siúl agus le bagairtí sláinte eile a d'fhéadfadh a bheith ann; á chur in iúl gur geal léi go gcomhroinneann an Lárionaid faisnéis le meáin éagsúla i ndáil leis sin;

9. á thabhairt dá haire gur bagairt go fóill don tsláinte í an fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, cé go bhfuil tomhaltas frithmhiocróbach foriomlán san Aontas tar éis laghdú; á chur in iúl gur geal léi obair leanúnach an Lárionaid sa réimse sin;

10. á thabhairt dá haire gur sholáthair an Lárionad 56 % de na haschuir a beartaíodh ar dtús ina Dhoiciméad Clársceid-ealaithe Aonair 2020-2022, agus 90 % d'aschuir chlár oibre COVID-19 a formheasadh i mBealtaine 2020; ag tabhairt dá haire maidir le 35 % d'aschuir an Lárionaid a bhí beartaithe ar dtús, gur cuireadh siar go 2021 iad nó cuireadh ar ceal iad; á thabhairt dá haire go léiríonn athbhreithniú straitéiseach seachtrach agus feidhmíochta ar fhreagairt an Lárionaid ar COVID-19 nár mhór don Lárionad feabhas a chur ar a fheidhmiú chun go mbeidh ar a chumas freagairt níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chur ar fáil i ngéarchéim sláinte poiblí amach anseo, agus a chroífheidhmeanna agus a aschuir bunriachtanacha a choinneáil ag imeacht; á iarraidh ar an Larionad tuairisciú maidir leis na bearta a glacadh i ndáil leis sin;

11. á thabhairt dá haire agus é ina ábhar imní di an chonclúid ar Athbhreithniú Uimh. 01/2021 ón gCúirt maidir le "The EU's initial contribution to the public health response to COVID-19" [Rannchuidiú tosaigh an Aontais leis an bhfreagairt don tsláinte phoiblí ar COVID-19] ("an t-athbhreithniú ón gCúirt"), go raibh sé dúshlánach don Lárionad tráthúlacht, cáilíocht agus iomláine na faisnéise a fuarthas ó na Ballstáit a bhainistiú; ag tarraingt aird ar leith, áfach, ar an mbreathnóireacht ón gCúirt go bhfuil sé deacair comparáidí agus measúnuithe a dhéanamh leis na straitéisí éagsúla faireachais agus tástála a úsáideann na Ballstáit, agus, ar bhonn níos ginearálta, go bhfuil teorainn le hinniúlachtaí sláinte poiblí an Aontais, rud a chiallaíonn go mbeidh an Lárionad ag brath go mór ar na Ballstáit ar mhaithe lena éifeachtacht; á thabhairt dá haire gur thóg sé, mar shampla, beagnach bliain tar éis ráig COVID-19 san Eoraip sular bhain na Ballstáit úsáid as córas coiteann cód dathanna, agus gur léirigh sí tiomantas a gcuid sonraí a chur faoi bhráid an Lárionaid; á thabhairt dá haire gur fhreagair an Lárionad d'athbhreithniú na Cúirte trí rabhadh a thabhairt go bhfuil gá fós le cuid mhór oibre chun faireachas stóinsithe daonra-bhunaithe ar COVID-19 a bhunú, agus á thabhairt le fios go bhfuil céimeanna glactha ag an Lárionad ó shin i leith chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist seo;

12. ag aithint na gcúiseanna gur cuireadh ar ceal nó gur cuireadh ar athló 35 % d'aschuir bheartaithe an Lárionaid in 2020, agus í á thabhairt chun suntais gur bhain an Lárionad ráta ratha 90 % amach maidir leis an bplean um aschur an phlean oibre a ghlacadh sa bhreis air sin i mí Bealtaine 2020; ag gabháil buíochas le an foireann an Lárionaid as a gcuid oibre tiomanta i gcúinsí deacra;

13. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur thionscain an Lárionad, ar leithligh ó athbhreithniú na Cúirte, a anailís straitéiseach féin, trí chonraitheoir seachtrach, ar fhreagairt an Lárionaid do COVID-19 ó mhí Eanáir go mí Mheán Fómhair 2020; á thabhairt dá haire go léirítear san anailís straitéiseach go soláthraíonn an Lárionad sonraí ardcháilíochta faireachais a bhfuiltear ag brath orthu go forleathan, agus gur ionchur ríthábhachtach do chinnteoirí atá sa treoir, ach go bhfuil acmhainneacht shoiléir ann go mbeadh an Lárionad níos éifeachtaí ag an am céanna; ag cur sonrú sna moltaí ón anailís straitéiseach, á rá gur cheart don Lárionad béim níos mó a chur ar phraiticiúlacht na moltaí agus ar réamhthreoir, agus gur cheart go dtacódh sé, ar bhealach níos córasaí, leis an bhfoghlaim agus le malartú taithí idir na Ballstáit; ag cur sonrú i moltaí na hanailíse straitéisí do phríomhfheidhm straitéiseach shinsearach a bheidh le cruthú, difreáil níos fearr a dhéanamh ar phróisis inmheánacha chun aschuir theicniúla a tháirgeadh, agus feabhas a chur ar chumais an Lárionaid; á iarraidh ar an Lárionad tuairisc a thabhairt ar na bearta a rinneadh ina leith sin agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta;

14. á thabhairt dá haire go léirítear i measúnú straitéiseach seachtrach an Lárionaid go bhfuil ceisteanna tábhachtacha ann san fhadtéarma faoin ról ba cheart a bheith ag an Lárionad i réimse slándála sláinte poiblí na hEorpa i gcoitinne; á thabhairt dá haire go mbaineann na ceisteanna sin le leibhéal iomchuí an chomhordaithe Eorpaigh ar bheartais agus ar shonraí sláinte poiblí, ar róil ábhartha na ngníomhaithe éagsúla agus ar dhíriú straitéiseach an Lárionaid; á thabhairt dá haire gur phléigh an Coimisiún na ceisteanna sin ina athbhreithniú ar ról an Lárionaid agus, ó shin i leith, go ndearnadh athruithe i réimse shlándáil na sláinte poiblí san Eoraip;

15. ag tabhairt dá haire go bhfuil córas faireachais Eorpach a bheidh nua ar fad á fhorbairt ag an Lárionad chun COVID-19 agus na galair agus na riochtanna sláinte eile uile a chumhdach de réir a chéile faoi fhaireachas an Aontais, agus go laghdófar sa tslí sin ar an ualach tuairiscithe ar na Ballstáit; ag tabhairt dá haire thairis sin go bhfuil roinnt tionscadal measúnaithe teicneolaíochta ar siúl i gcónaí chun a áirithiú go dtapóidh an Lárionad an deis maidir le nuálaíochtaí teicneolaíochta ar an mbealach is costéifeachtaí; á iarraidh ar an Larionad tuairisciú maidir leis na forbairtí i ndáil leis sin;

16. á thabhairt dá haire go bhfuil an comhthéacs institiúideach ina bhfeidhmíonn an Lárionad ag athrú mar thoradh ar na ceachtanna a foghlaimíodh le linn phaindéim COVID-19; á iarraidh ar an gCúirt, ina hiniúchadh don bhliain airgeadais dár gcionn, leathnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an Lárionad ag feidhmiú laistigh den chomhthéacs institiúideach coigeartaithe sin, agus i dtaobh an bhfuil dóthain acmhainní ag an Lárionad chun a shainordú a chur chun feidhme go héifeachtach laistigh den suíomh institiúideach coigeartaithe;

17. ag tabhairt dá haire maidir le plean gníomhaíochta an Lárionaid an moladh ón tríú meastóireacht sheachtrach a chur chun feidhme, go ndearna bord bainistíochta an Lárionaid é a fhorbairt agus a fhormheas; á iarraidh ar an Lárionad faisnéis a chur ar fáil go rialta don údarás um urscaoileadh maidir le cur chun feidhme an phlean sin;

18. á chur in iúl gur geal léi go ndéanann an Lárionad an dea-chleachtas a chomhroinnt le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile AE agus go mbíonn sé ag obair leo go rialta; á chur in iúl gur geal léi na gníomhartha atá déanta ag an Lárionad chun an comhar a dhéanann sé le hinstitiúidí eile AE a leathadh i réimsí amhail leas a bhaint as intleacht shaorga, meaisínfhoghlaim agus sluafhoinsiú; á chur in iúl gur díol sásaimh di thairis sin iarrachtaí an Lárionaid an comhoibriú idirinstitiúideach a fheabhsú mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19;

19. á chur i bhfáth gur cheart don Lárionad leanúint den chomhar le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn, agus idirphlé le geallsealbhóirí agus le saoránaigh a chothú; á chur in iúl gur geal léi an tslí inar oibrigh an Lárionad i gcomhar le gníomhaireachtaí díláraithe eile de chuid an Aontais in 2020, go háirithe i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach chun an comhchóras faireacháin ar leibhéal an Aontais a fhorbairt le haghaidh éifeachtacht vacsaíní agus éifeachtaí díobhálacha COVID-19, chomh maith le faisnéis sláinte poiblí a sholáthar don treoir theicniúil maidir le rialú ionfhabhtuithe COVID-19 i gcás aerthaisteal, traenacha agus long cúrsála;

**Beartas foirne**

20. ag tabhairt dá haire, ar an 31 Nollaig 2020, go raibh an plean bunaíochta curtha chun feidhme 96.1 %, go raibh ceapacháin déanta i gcás 173 ghníomhaire sealadach as 180 gníomhaire sealadach arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 180 post údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire freisin, go raibh 121 ghníomhaire ar conradh agus 5 shaineolaí náisiúnta ar iasacht ag obair don Lárionad in 2020;

21. á thabhairt dá haire maidir le cothromaíocht inscne gur fir is ea ceathrar (66,67 %) den seisear laistigh d'ardbhainistíocht an Lárionaid; ag tabhairt dá haire maidir leis an bhfoireann i gcoitinne sa Lárionad, gur mná is ea 170 (62,73 %) as 271;

22. ag tabhairt dá haire gur ghlac an Lárionad beartas maidir le dínit an duine a chosaint agus ciapadh a chosc; á thabhairt dá haire gur tuairiscíodh dhá chás inar líomhnaíodh go ndearnadh ciapadh agus gur tugadh cás amháin go dtí Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh in 2020; á iarraidh ar an Lárionad a áirithiú go ndéanfar bearta leanúnacha a bhfuil sé d'aidhm acu an creat eiticiúil san ionad oibre a neartú agus cosc a chur ar an traochadh agus ar an gciapadh; á iarraidh ar an Lárionad na hathruithe i ndáil leis a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

23. ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh go suntasach ar ualach oibre an Lárionaid in 2020 de bharr phaindéim COVID-19; á thabhairt dá haire gur cuireadh cumas breise gearrthéarma ar fáil don Lárionad in 2020 agus gur deonaíodh roinnt post foirne lánaimseartha don Lárionad i ndeireadh 2020, ar poist iad a bhí le líonadh sa tréimhse 2021 go 2024 de bharr na géarchéime sláintíochta a mhair ar feadh i bhfad;

24. á chur in iúl gur ábhar imní di méid mór bhord bainistíochta an Lárionaid a fhágann go bhfuil sé deacair cinntí a dhéanamh agus a ghineann costais shuntasacha riaracháin;

25. á chur in iúl gur díol sásaimh di na hiarrachtaí a rinneadh i mbeartas foirne an Lárionaid chun teilea-obair agus an saol folláin a chur chun cinn agus ag leanúint den Lárionad a spreagadh chun forbairt a dhéanamh ar chreat beartais fadtéarmach maidir le hacmhainní daonna lena dtugtar aghaidh ar chothromaíocht oibre is saoil, ar threoir ar feadh an tsaoil agus ar fhorbairt ghairme, ar chothromaíocht inscne, ar theilea-obair, ar chothromaíocht gheografach agus ar earcaíocht agus ar lánpháirtiú daoine faoi mhíchumais;

26. á chur in iúl gur díol sásaimh di an togra maidir le síneadh a chur le sainordú an Lárionaid ach á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfuil méaduithe comhfhreagracha leordhóthanacha ar fhoireann agus ar acmhainní an Lárionaid ag gabháil le cúraimí suntasacha nua agus lena ualach méadaitheach oibre, agus go gcuireann an ganntanas foirne sin brú suntasach ar leanúnachas a chuid oibríochtaí agus go gcuireann sé cáilíocht obair an Lárionaid i mbaol;

**Soláthar**

27. ag tabhairt dá haire gur chuir an Lárionad 130 conradh ar an iomlán i gcrích in 2020, agus gur cumhdaíodh 10 gcreatchonradh, 14 chonradh dhíreacha agus 106 chonradh shonracha; ag tabhairt dá haire gur sheol an Lárionad 79 nós imeachta soláthair i gcaitheamh na bliana, ar ghlaonna oscailte naoi gcinn díobh, ar nósanna imeachta soláthair idirbheartaithe 48 díobh agus ar chomórtais a athosclaíodh 22 díobh; ag tabhairt dá haire gur chuir an Lárionad 15 chomhaontú comhpháirtíochta agus 44 chomhaontú deontais shonracha i gcrích in 2020 freisin;

**Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht**

28. á chur in iúl gur díol sásaimh di bearta reatha agus iarrachtaí leanúnacha an Lárionaid chun trédhearcacht a áirithiú, agus chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus sceithirí a chosaint;

29. á chur in iúl gur geal léi an feabhas atá tagtha ar chéatadán chomhaltaí an bhoird bainistíochta, chomhaltaí an fhóraim chomhairligh agus a gcomhaltaí malartacha a chuir isteach na dearbhuithe leasa bliantúla is gá in 2020 i gcomparáid leis na figiúirí do 2019; á iarraidh ar an Lárionad a áirithiú go mbeidh na saineolaithe iomchuí páirteach in obair an Lárionaid agus go gcoinneofar ardleibhéal comhlíonta le rialacha coinbhleachta leasa;

30. ag tabhairt dá haire gur fhorbair an Lárionad a nós imeachta inmheánach maidir le coinbhleachtaí leasa i gcás baill foirne agus go bhfuil an próiseas cur chun feidhme idir lámha aige; ag tabhairt dá haire, de réir na bhfreagraí ón Lárionad, go dtabharfaidh an cleachtas sin deis na próisis a fhorbairt a thuilleadh agus grinnscrúdú breise a éascú; á iarraidh ar an Larionad tuairisciú maidir leis na forbairtí i ndáil leis sin;

31. á thabhairt dá haire go ndearna an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) iniúchadh ar bhainistiú acmhainní daonna agus ar chúrsaí eitice sa Lárionad in 2020 i gcomhréir leis an bplean straitéiseach don iniúchóireacht inmheánach; á thabhairt dá haire gur tháinig ceithre mholadh as an iniúchadh, go raibh an t-aicmiú an-tábhachtach le dhá cheann díobh agus an t-aicmiú tábhachtach le dhá cheann díobh; á thabhairt dá haire gur fhorbair an Lárionad plean gníomhaíochta chun na moltaí sin a chur san áireamh, lenar áiríodh oiliúint a eagrú agus múscailt feasachta i réimse na heitice; á iarraidh ar an Lárionad tuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir le cur chun feidhme na ngníomhartha atá beartaithe;

32. ag tabhairt dá haire, de réir na bhfreagraí ar an gceistneoir caighdeánach, go ndearna an Lárionad 22 choinbhleacht leasa féideartha a shainaithint agus a iniúchadh in 2020; á thabhairt dá haire thairis sin gur chuir an Lárionad bearta maolaithe ar bun i ngach cás, go háirithe ionchuir ó na saineolaithe á scagadh ag baill foirne neamhspleácha an Lárionaid le haghaidh aon chlaontacht fhéideartha, eisiamh ó chathaoirleacht nó leaschathaoirleacht cruinnithe, fionraí rannpháirtíochta i míreanna cláir oibre agus deireadh a chur le cearta vótála;

33. ag cur sonrú sa chinneadh ón Ombudsman Eorpach an 5 Feabhra 2021 i bhfiosrúchán straitéiseach OI/3/2020/TE maidir le "conas a bhailigh agus a chuir ECDC faisnéis in iúl le linn ghéarchéim COVID-19" agus á chur in iúl gur díol sásaimh di an chonclúid nár aimsíodh aon drochriarachán; á thabhairt dá haire, áfach, go measann an tOmbudsman, in ainneoin gur aithin sé na hiarrachtaí a rinne an Lárionad le linn ghéarchéim COVID-19 chun a mheasúnú eolaíoch a dhéanamh ar bhealach trédhearcach, go gcuireann sainordú an Lárionaid cosc ar bhailiú neamhspleách sonraí, rud a chuireann teorainn lena chúraimí ar bhealach suntasach agus, ina theannta sin, go bhfuil deis ag an Lárionad feabhas a chur ar an gcaoi a gcuireann sé faisnéis in iúl don phobal a sholáthraíonn a gcuid aistriúchán sa líon is mó de theangacha oifigiúla is féidir; á iarraidh ar an Lárionad tuairisc a thabhairt don údarás urscaoilte maidir leis na bearta a rinneadh chun an feabhas sin a dhéanamh;

**Rialú inmheánach**

34. á thabhairt dá haire go ndearna an Lárionad na moltaí uile ó IAS maidir le Preparedness and Response in the ECDC [Ullmhacht agus Freagairt in ECDC] a chur chun feidhme agus a chur faoi bhráid IAS i gcomhair athbhreithniú; á thabhairt dá haire go ndearna IAS cur chun feidhme na moltaí a athbhreithniú agus go bhfuil an Lárionad ag fanacht ar na conclúidí críochnaitheacha faoi láthair; á iarraidh ar an Lárionad na torthaí a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

35. ag tabhairt dá haire gur léirigh féinmheasúnú an Lárionaid maidir le cur chun feidhme an chreata rialaithe inmheánaigh go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh ann agus ag feidhmiú, ach nár mhór feabhsuithe a dhéanamh; á thabhairt dá haire nach mór do bhainistíocht an Lárionaid sainiú agus doiciméadú níos fearr a dhéanamh ar chritéir ábharthachta an lamháltais riosca maidir le gníomhaíochtaí an Larionaid; á thabhairt dá haire go dtionscnófar rannóg nua i gcreat rialaithe inmheánach an Lárionaid chun na gníomhaíochtaí rialaithe a bheidh le déanamh, agus an obair leantach, a mheas go sainráite, chun a áirithiú go ndéanfar na cuspóirí a chur i gcrích; ag tabhairt dá haire go bhfuil beartas le forbairt maidir le cumarsáid inmheánach, lena n-áirítear cumarsáid maidir le cuspóirí agus freagrachtaí an rialaithe inmheánaigh; á iarraidh ar an Lárionad na hathruithe i ndáil leis a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

**An fhreagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó**

36. á chur in iúl gur díol sásaimh di tiomantas an Lárionaid d'fhaisnéis thráthúil agus chruinn a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais agus ag cur a buíochais in iúl d'fhoireann agus bainistíocht an Lárionaid as an obair a rinneadh i ndálaí deacra in 2020; á thabhairt dá haire go raibh ardmheas ag na geallsealbhóirí ar an treoir agus ar na haschuir ón Lárionad as a ndea-cháilíocht agus a stóinseacht eolaíoch; á thabhairt dá haire go háirithe an ráiteas ón Lárionad gur léiriú iad méid agus cáilíocht na dtorthaí a baineadh amach ar shaineolas agus ar thiomantas na foirne móire a bhí ag plé le freagairt an Lárionaid don phaindéim; á chur in iúl gur díol sásaimh di thairis sin comhar an Lárionaid le EDS san Eoraip maidir le faireachas cásbhunaithe COVID-19 a bhunú le haghaidh réigiún Eorpach EDS uile;

37. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur thuairisc an Lárionad líon as cuimse ard aschur in 2020 mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, agus go raibh an infheictheacht is airde ag baint leis riamh ó bunaíodh é; ag tabhairt dá haire gur bhain príomhghníomhaíochtaí an Lárionaid sa tréimhse sin le tacaíocht do straitéisí vacsaínithe, faisnéis fhianaisebhunaithe a scaipeadh, faisnéis faireachais agus eipidéime a chur i bhfeidhm, treoir maidir le topaicí eolaíocha agus teicniúla a chur chun feidhme, agus cleachtais líonraithe agus malartaithe a bhunú ar fud na hEorpa;

**Barúlacha eile**

38. ag tabhairt dá haire gur fhorbair an Lárionad straitéis uileghabhálach atá dírithe ar chostéifeachtúlacht agus cosaint an chomhshaoil a bhaint amach; á thabhairt dá haire go bhfuil an Lárionad i láthair na huaire sa chéim cur chun feidhme dá chóras bainistíochta comhshaoil faoi láthair, atá bunaithe ar an scéim Eorpach um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil; á iarraidh ar an Lárionad na hathruithe i ndáil leis a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

39. ag tabhairt dá haire gur méadaíodh go suntasach ar fhor-rochtain an Lárionaid in 2020 i ndáil le paindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire go raibh 32 mhilliún amharc leathanaigh ag láithreán gréasáin an Lárionaid, i gcomparáid le 9 milliún idir 2011 agus 2019, ar an iomlán; á thabhairt dá haire gur láimhseáil foireann preasa agus meáin an Lárionaid 1 917 n-iarraidh ó na meáin, le hais thart ar 100 an bhliain roimhe sin; ag tabhairt dá haire gur thug an Lárionad méadú 146 % faoi deara ar líon a leantóirí ar Twitter in 2020, méadú 232 % ar líon na leathanach "is maith liom" ar Facebook agus méadú 107 % ar líon na leantóirí ar LinkedIn;

40. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé digiteáil an Lárionaid a mhéadú ó thaobh oibriú agus bainistiú inmheánach de, ach freisin a thábhachtaí atá sé dlús a chur le digiteáil na nósanna imeachta; á chur i bhfáth gur gá don Lárionad leanúint de bheith réamhghníomhach ina leith sin chun bearna dhigiteach idir gníomhaireachtaí an Aontais a sheachaint ar ais nó ar éigean;

41. á chur i bhfáth gur gá don Lárionad a áirithiú go bhfuil lán-trédhearcacht ann agus staidéir eolaíochta á bhfoilsiú agus trína acmhainneacht cumarsáide seachtraí i dtreo an phobail i gcoitinne a threisiú, agus a áirithiú go bhfuil an phríomhfhaisnéis a bhaineann le héigeandálaí sláinte poiblí ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais agus ar fáil go héasca do shaoránaigh an Aontais;

42. á thabhairt dá haire, maidir leis an obair leantach ar an tuairisc ón gCúirt don bhliain airgeadais 2019, go bhfuil beartas cibearshlándála nua agus uasdátaithe á ullmhú ag an Lárionad in oirchill Rialachán Aontais maidir le rialacha cibearshlándála coiteanna a theacht i bhfeidhm; ag tabhairt dá haire, mar chuid dá iarrachtaí chun an chibearshlándáil a neartú, go bhfuil an Lárionad ag smaoineamh ar infheistíocht i dtionscadal slándála faisnéise agus i gclár feasachta agus oiliúna cibearshlándála ó 2022 ar aghaidh; á iarraidh ar an Lárionad na hathruithe i ndáil leis a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

43. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([2]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([2]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.